eDeposit Ireland

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Item Type	report
Citation	Public Appointments Service, 'Tuarascáil Bhliantúil 2016', [report], Public Appointments Service, 2017-09-07, Annual Report (Public Appointments Service), 2016
Publisher	Public Appointments Service
Rights	Y
Download date	2026-05-17 21:31:37
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/81865

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Tuarascáil Bhliantúil **2016**

*“Ag soláthar réitigh **dírithe ar chustaiméirí**”*

Clár na nÁbhar

Comh-réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus an Príomhfheidhmeannach 2

01 Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 4

02 Spriocanna Straitéiseacha agus Éachtaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí 6

Na hiarrthóirí is fearr a sholáthar dár gcliaint do cheapachán 9

Sár-réitigh earcaíochta agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar 15

Teagmháil agus comhoibriú le cliaint a mhéadú nuair atá seirbhís den scoth á soláthar dár gcliaint 17

Roghanna leictreonacha a úsáid nuair is féidir 18

Eolas agus saineolas a léiriú agus a fhógairt 20

Cumasóirí
Ár nDaoine 23

03 Rialachas agus Bainistíocht 26

Aguisíní 35

Comh-réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird agus an Príomhfheidhmeannach

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) 2016 a chur i láthair. Mar a léiríonn an tuarascáil, bhí baint mhór ag PAS arís i mbliana cabhrú le heagraíochtaí cliaint sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a riachtanais chun daoine cumasacha agus ábalta a fháil, a réiteach.

Tugann ár dTuarascáil Bhliantúil 2016 sonraí faoi nár n-oibríochtaí agus ár bhfeidhmíocht i ngach gné dár ngnó. Léiríonn na rannáin éagsúla sa Tuarascáil méid agus castacht na hoibre ar thug PAS faoi ar son eagraíochtaí cliaint. Seo thíos roinnt de na príomh-phointí:

- Comhdhlúthú agus forbairt an phróisis Boird Stáit, inar próiseáladh 2,599 léiriú spéise i dtaca le 163 folúntas ar 50 Bord Stáit
- Sholáthair muid an t-éileamh do Ghardaí faoi Oiliúint agus chuir muid 1,566 ainm chuig Ceanncheathrú an Gharda
- Sannadh 100 Comhairleach Ospidéal
- Painéil in áit do róil bhainistíochta éagsúla sa Státseirbhís, lena n-áirítear Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Riaracháin, Oifigeach Ardfheidhmiúcháin, Príomhoifigeach Cúnta agus Príomhoifigeach agus sannadh 1,130 iarrthóir
- 19 comórtas comhlíonta ar son Choiste na gCeapachán Ardleibhéal (TLAC)
- Painéil curtha inn áit a fud na tíre le hÚdaráis Áitiúla do ghráid ar nós Stiúrthóir Seirbhíse, Innealtóir Sinsearach, Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Ceannasaí Airgeadais agus Ceannasaí ar Chóras Eolais
- Tástáil comhlíonta i gceart ar os cionn 94,000 tríd ár gcóras ar líne
- Agallamh déanta do phoist ar os cionn 14,600 duine
- Feidhm 'Bainistíocht ar an Chaidreamh le Cliaint' bunaithe
- Coinníodh an creidiúnú faoin scéim dhámhachtainí "Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe"

Níl aon amhras ach go bhfuil an eagraíocht ag brath go mór ar dhíograis leanúnach na n-oibrithe. I rith na bliana 2016, d'oibrigh baill foirne agus bainistíochta PAS le chéile chun cláir shuntasacha oibre a sholáthar dár gcliaint. Bhí muid ábalta torthaí a sholáthar mar go ndírímid go leanúnach ar fheabhsú, ar phróisis leictreonacha a úsáid agus ar chleachtais gnó barainneach a chur i bhfeidhm chun an úsáid is fearr a bhaint as ár ndaoine agus ár n-acmhainní.

Sa bhliain 2016, d'fhorbair muid Ráiteas Straitéise do 2017 - 2019; tugann seo plean dúinn chun eagraíocht mheasúnaithe agus roghnaithe bharainneach agus lúfar a bhaint amach a aithneofar maidir le sár-chaighdeáin a bhaint amach ar bhonn leanúnach chun an réimse de róil éagsúla a líonadh dár gcliaint sa tseirbhís phoiblí. Creidimid gur rud é seo gur féidir linn a bhaint amach agus déanfaimid gach iarracht ár príomh-spriocanna a bhaint amach sna trí bliana amach romhainn.

Tuigimid an fhreagracht shuntasach atá orainn d'iarrthóirí a bpríobháideachas a chaomhnú agus rúndacht a choinneáil. Rinne muid sár-iarracht sa bhliain 2016 a chinntiú go bhfuil sár-phrionsabail i rialáil eolais i bhfeidhm i PAS agus tá sé beartaithe againn na prionsabail seo a chur i bhfeidhm níos mó le linn shaolré ár Straitéise nua.

Tá muid fíor-bhuíoch as an obair a rinne baill de Bhord PAS agus de Choiste Iniúchta PAS i gcinntiú go bhfuil córais láidre rialachais i bhfeidhm i PAS.

Fiona Tierney, Príomhfheidhmeannach
Judith Eve, Cathaoirleach an Bhoird

01

Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tús

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) an soláthraí seirbhíse comhroinnte earcaíochta agus soláthair d'eagraíochta cliaint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Tá PAS freagrach as iarrthóirí den scoth a fhoinsiú, a mheas agus a sholáthar do chliaint sa tseirbhís phoiblí. Reáchtálann PAS réimse comórtas earcaíochta, comórtais ardú céime 'idir-rannacha' sa Státseirbhís a fhógraítear go hoscailte agus uaireanta tugann siad cuidiú le roinnt comórtas ardú céime 'inmheánach' do Ranna /eagraíochtaí níos mó sa tseirbhís phoiblí. Díríonn PAS go háirithe ar iarrthóirí a lorg do róil sa Státseirbhís, do na róil is sinsearaí in Údaráis Áitiúla, do chomhairligh ospidéil sa tseirbhís sláinte phobail; do dhaoine faoi oiliúint don Gharda Síochána agus do phoist éagsúla speisialtachta, bainistíochta agus feidhmiúcháin sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Sa bhliain 2016, phróiseáil PAS os cionn 104,000 iarratas, reáchtáil siad os cionn 14,000 agallamh agus rinne siad beagnach 8,000 ceapachán i róil chasta éagsúla le heagraíochta cliaint éagsúla.

Déantar earcaíocht don státseirbhís agus do roinnt foras poiblí eile faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 go dtí 2013. Oibríonn PAS faoi cheadúnas ón Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus tá sí neamhspleách ina gcuid oibre. Ní mór do PAS cloí leis na Cóid Cleachtais a fhoilsíonn an CCSP a chinntíonn go bhfuil próisis atá cothrom agus oscailte i bhfeidhm. Sa chás nach bhfuil na Cóid i bhfeidhm, cloíonn PAS leis na príomh-phrionsabail chéanna chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

Misean agus Caighdeáin

Tá sé mar fhís againn a bheith mar chéad rogha mar sholáthraí earcaíochta agus foinsithe do sheirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí.

Tá muid tiomanta do na caighdeáin seo:	
Cothroime agus Neamhchlaontacht	réitigh acmhainní a sholáthar a aithníonn go bhfuil an deis chéanna ag daoine atá cáilithe, dul san iomaíocht do phoist ina bhfuil na próisis cothrom, trédhearcach agus gan aon chlaontacht nó leithcheal;
Neamhspleáchas	seirbhís earcaíochta atá bunaithe ar chumas, dírithe ar chaighdeán, oibiachtúil, agus gan tionchar;
Luach ar Airgead	a chinntiú go bhfuil ár bpróisis agus ár gcórais éifeachtach agus éifeachtúil, agus go dtugtar seirbhís ina bhfuil luach ar airgead dár gcliaint agus don phobal;
Nuálaíocht agus Feabhsú Leanúnach	na slite ina gcuirimid seirbhís ar fáil a scrúdú agus slite nuálaíocha a lorg maidir le gairmiúlacht ár seirbhísí a sholáthar agus a fheabhsú go leanúnach;
Comhoibriú agus Comhairliú	an fiúntas a bhaineann le rannpháirtíocht bhríoch, comhairliú agus comhoibriú le páirtithe leasmhara a aithint, deiseanna a úsáid chun slite comhoibríocha a chur chun cinn agus a fheabhsú;
Sár-Sheirbhís do Chustaiméirí	Déileáil le n-ár gcliaint, iarrthóirí agus comhghleacaithe le dínit agus meas agus seirbhís ghairmiúil a sholáthar a dhíríonn ar chaighdeán agus luach ar airgead a fheabhsú.

02

Spriocanna Straitéiseacha agus Éachtaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Spriocanna Straitéiseacha

Léirítear spriocanna straitéiseacha PAS sa léaráid thíos: Tá siad foilsithe sa Ráiteas Straitéise 2014 - 2016



Buaicphointí Oibríochta 2016

Príomh-éachtaí 2016:

- Comhdhlúthú agus forbairt an phróisis Boird Stáit, inar próiseáladh 2,599 léiriú spéise i dtaca le 163 folúntas ar 50 Bord Stáit.
- Sholáthair muid an t-éileamh do Ghardaí faoi Oiliúint agus chuir muid 1,566 ainm de dhaoine a d'fhéadfadh a bheith fóirsteanach chuig Ceanncheathrú an Gharda.
- Sannadh 100 Comhairleach Ospidéal
- Painéil in áit do róil bhainistíochta éagsúla sa Státseirbhís, lena n-áirítear Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Riaracháin, Oifigeach Ardfheidhmiúcháin, Príomhoifigeach Cúnta agus Príomhoifigeach
- 19 comórtas comhlíonta ar son Choiste na gCeapachácn Ardleibhéal (TLAC)
- Painéil curtha in áit a fud na tíre le hÚdaráis Áitiúla do ghráid ar nós Stiúrthóir Seirbhíse, Innealtóir Sinsearach, Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Ceannasaí Airgeadais agus Ceannasaí ar Chóras Eolais.
- Tástáil comhlíonta i gceart ar os cionn 94,000 tríd ár gcóras ar líne
- Leathnaíodh suíomh gréasáin gradpublicjobs.ie website chun an 'EU Edition' a chur san áireamh do dheiseanna san AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta (a cuireadh ar ghearrliosta do 2016 GradIreland Recruitment Awards and the Civil Service Excellence and Innovation Awards)
- Feidhm 'Bainistíocht ar an Chaidreamh le Cliaint' bunaithe
- Coinníodh an creidiúnú faoin scéim dhámhachtainí "Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe"

Na hiarrthóirí is fearr a sholáthar dár gcliaint do cheapachán

Tá sé mar phríomh-thosaíocht straitéiseach ag PAS na hiarrthóirí is fearr is féidir a fháil a chur ar fáil do chliaint do cheapachán agus é sin a dhéanamh in am agus go héifeachtach ó thaobh costas de. Sa mhéid sin lean PAS ag forbairt a chur chuige maidir le margaíocht lena chinntiú go bhfuil na hiarrthóirí is fearr ar an eolas agus go ndéanann siad iarratas ar róil sa tseirbhís phoiblí. Lean PAS fosta ag forbairt a chur chuige i dtaca le measúnú agus roghnú lena chinntiú go bhfuil na hiarrthóirí is fearr páirteach sa phróiseas measúnaithe agus roghnaithe.

San áireamh tá measúnú ar líne ag an staid thosaigh do chomórtais ina bhfuil líon mór iarratas lena n-áirítear réasúnú briathartha, uimhriúil agus ionduchtaithe chomh maith le cleachtaidh measúnú de réir ócáide. Chomh maith leis na forbairtí a rinneadh sna trialacha ar líne chun líon mór iarratas a bhainistiú go héifeachtach, chuir PAS feabhas le castacht na slite a úsáidtear nuair a thagann daoine chun cinn chuig staideanna níos faide ar aghaidh san fheachtas (ionaid tástála a úsáid san áireamh). Léiríonn taighde shuntasach i síceolaíocht oibre go bhfuil cosúlacht níos fearr ann oibrithe maithe a shainaithint do phoist má úsáidtear ionaid measúnaithe. Úsáideadh Ionaid Measúnaithe sa bhliain 2016 do roinnt comórtas (Garda faoi Oiliúint, Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Riaracháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Cúnta san áireamh).

Earcaíocht Ardfheidhmeannach

De réir bheartas an Rialtais, dírítear níos mó ar earcaíocht oscailte chuig gach post sa tseirbhís shibhialta agus phoiblí, iad sin ag na leibhéil is sinsearaí san áireamh. Le linn 2016, d'éirigh le PAS iarrthóirí den scoth a mhealladh chuig róil ardfheidhmiúcháin.

Sa bhliain 2016, chomhlíon PAS 19 feachtas don Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) agus rinneadh ceapacháin chuig róil shinsearach bainistíochta sa Státseirbhís astu. Sa bhliain 2016 bhí 602 iarratas incháilithe do chomórtais TLAC agus bhí méadú i líon na n-iarrthóirí ón earnáil phríobháideach. Laghdaigh líon na n-iarratas ó mhná beagán go dtí 26% in 2016 ó 29% in 2015; mná ab ea 33% de na hiarrthóirí ar éirigh leo, ar aon leibhéal le 2015.

Déanann PAS próisis earcaíochta do phoist speisialtachta mar fheidhmeannaigh shinsearacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Go ginearálta feachtais fhada ina bhfuil trí staid sa phróiseas measúnaithe atá i gceist, (gearrliostú, réamh-agallaimh agus príomh-agallaimh san áireamh), lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an taithí chuí atá riachtanach don phost ag an leibhéal cuí, ag an iarrthóir a cheaptar. Sa chatagóir seo i 2016 bhí comórtais mar Bhall de Chigireacht an Gharda Síochána, POF d'Údarás um Fhuinneamh Inmharthana in Éirinn, POF d'Údarás um Bainistíocht Rialtais Áitiúil, agus POF den Údarás Maoirseachta um Iniúchadh agus Cuntasaíocht in Éirinn.

Sa bhliain 2016, rinne muid bainistíocht ar phróiseas earcaíochta do roinnt post speisialtachta, go háirithe le hAD, TE agus Airgeadas ag leibhéal sinsearach i Ranna agus sa Státseirbhís i gcoitinne. Sna poist seo bhí gá ar leith le hiarrthóirí a raibh taithí shuntasach acu ar cheannaireacht straitéiseach agus ar bhainistiú athruithe. Léirigh aiseolas ónar bhfoireann um Chuardach Feidhmeannach go raibh suim ar leith ag iarrthóirí a fuarthas trí Earcaíocht Feidhmeannach sna poist seo, agus go háirithe nuair a bhí deis ann tionchar a bheith acu ag leibhéal sinsearach in eagraíocht mhór (ar nós Roinn Rialtais). Mar sin féin ceist dhúshlánach fós is ea an luach saothair (tuarastal agus leas) atá ar fáil d'iarrthóirí ar an ardleibhéal. Ceist níos mó is ea luach saothair de réir mar a fhorbraíonn eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus de réir mar a mheallann agus mar a choinníonn siad tallann trí chinntiú go dtugtar íocaíocht mhaith d'iarrthóirí a bhfuil scileanna speisialtachta acu.

Earcaíocht do Sheirbhís Ghinearálta sa Státseirbhís

Leanadh ar aghaidh leis an obair le hearcaíocht ina raibh líon mór iarratas do ghráid seirbhíse ginearálta sa Státseirbhís i 2016. Bhí éileamh leanúnach don chuid is mó de na gráid. Fógraíodh sé fheachtas mar sin i 2016 do ghráid chomh hard le Príomhoifigeach Cúnta agus leanadh ar aghaidh leis an obair ar fheachtais a fógraíodh roimhe sin. Athraíodh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe d'Oifigeach Cléireachais bunaithe ar eolas a fuarthas ón fheachtas roimhe sin; dá bharr sin tá feachtas níos éifeachtaí i bhfeidhm agus seirbhís níos fearr ar fáil do chliaint agus d'iarrthóirí. Tá an nós imeachta ginearálta maidir le measúnú d'earcaíocht ina bhfuil líon mór iarratas leagtha amach sa léaráid thíos.



Earcaíochta Céimithe

Tá suíomh gréasáin ar leith againn d'earcaíocht do chéimithe, Gradpublicjobs.ie a seoladh i 2014 agus seo an príomh-bhealach ar líne do dheiseanna do chéimithe i seirbhís phoiblí na hÉireann.

Tá margadh fíor-iomaíoch ann do chéimithe agus reáchtáil PAS roinnt feachtas earcaíochta do chéimithe sa bhliain 2016 a chuir chun cinn téarmaí agus coinníollacha maithe do chéimithe sa tseirbhís phoiblí chomh maith leis an Chlár Forbartha do Chéimithe a tugadh isteach le déanaí; mar thoradh air sin, cuireadh painéil in áit nó cuireadh iad chun cinn a thuilleadh do roinnt feachtas do chéimithe i 2016.

Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) (2014/15)

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon ar Phainéal	Líon a Sannadh
12 Nollaig 2014	8 Eanáir 2015	13,622	2,451 (oscailte) 897 (idir-rannach)	1,395	832	518

Iniúchóir faoi Oiliúint 2016

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú
15ú Meán Fómhair	13ú Deireadh Fómhair	133	84

Oifigeach Riaracháin (Seirbhís Eacnamaíoch agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann) IGEES 2016

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon ar Phainéal
15ú Meán Fómhair	13ú Deireadh Fómhair	104	77	31	22

Oifigeach Riaracháin (OR) 2016

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon ar Phainéal
15ú Meán Fómhair	13ú Deireadh Fómhair	4,916	4,110 (2,518 ar éirigh leo)	254	151

Comhlíonfar na staideanna deiridh de na feachtais seo i 2017. Fógraíodh feachtas OF i mí na Nollag 2016 agus próiseálfar é i rith 2017.

Earcaíocht Eile do Sheirbhís Ghinearálta sa Státseirbhís

Oifigeach Cléireachais Sealadach 2016

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon a Sannadh
23ú Feabhra	1 Márta	15,867	11,494	3,113	2,428

Oifigeach Cléireachais 2016

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon ar Phainéal	Líon a Sannadh
26ú Bealtaine	16 Meitheamh	29,811	18,760	793	699	164

Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Idir-rannach)

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon ar Phainéal	Líon a Sannadh
31 Márta	19 Aibreán	3,000	2,804	603	320	132

Príomhoifigeach Cúnta 2016

Dáta a Fógraíodh	Dáta Dúnta	Líon Iarratas	Uimh. Tástáladh / Gearrliostú
18ú Samhain	18ú mí na Nollag	3,108	2,015

Comhlíonfar na staideanna eile de na feachtais seo i 2017

Feachtais Eile ina raibh Líon Mór Iarratas

Garda Faoi Oiliúint

Tá baint ag PAS le roinnt mhaith blianta le hearcaíocht don Gharda Síochána. Tar éis sos cúig bliana, thosaigh earcaíocht arís do Ghardaí faoi Oiliúint nuair a fógraíodh comórtas nua in 2013. Ón chomórtas sin roghnaigh PAS os cionn 1,200 duine chun go gcuirfidh an Garda Síochána iad faoi mheas a thuilleadh. I rith na bliana d'fhógair an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais go raibh sé beartaithe acu 800 oiliúnaí sa bhliain a ghlacadh i gColáiste an Gharda sa Teampall Mór sna cúpla bliain amach romhainn. Tríd is tríd dhúblaigh sin líon na ndaoine a glacadh roimhe sin agus chun freastal ar an éileamh seo, fógraíodh dhá chomórtas nua do Gharda faoi Oiliúint i 2016. Thosaigh an chéad cheann go luath sa bhliain agus rinne beagnach 16,000 duine iarratas air. Próiseáladh gach iarrthóir trí ghnéithe éagsúla roghnaithe PAS agus críochnaíodh é i mí Dheireadh Fómhair agus as sin roghnaíodh os cionn 1,250 chun go gcuirfidh an Garda Síochána iad faoi mheas a thuilleadh. Lena chinntiú go mbeadh mic léinn ar fáil go leanúnach do Choláiste an Gharda, fógraíodh an dara comórtas i mí Mheán Fómhair. Rinne 5,000 iarrthóir iarratas ar an chomórtas i mí Mheán Fómhair rud a léirigh gur mhaolaigh an líon iarrthóirí a rinne iarratas ar ais go dtí an líon a rinne iarratas ar chomórtais roimh an mhoratóir.

Oifigeach Príosúin faoi Oiliúint (RPO) le Seirbhís Príosún na hÉireann

Tá sé roinnt blianta ó bhí earcaíocht ar siúl chun poist mar Oifigeach Príosúin faoi Oiliúint a líonadh. Rinneadh athbhreithniú suntasach anailíse poist agus ina dhiaidh sin, seoladh feachtas nua i mí Iúil. Fuarthas beagnach 6,000 iarratas. Don chéad uair úsáideadh trialacha gan mhaoirseacht ar líne mar chuid den roghnú tosaigh don chomórtas seo. Mar gheall ar an chineál poist atá i gceist, bíonn ar iarrthóirí ar phoist dul trí phróiseas dian roghnaithe, ionad measúnaithe san áireamh, ina n-úsáidtear uirlisí diana measúnaithe éagsúla chun na daoine is fóirsteanaí a shainaithint don phost.

Earcaíocht do Phoist Ghairmiúla agus Theicniúla

Déanann PAS earcaíocht do réimse post sinsearacha gairmiúla sa Státseirbhís agus san earnáil phoiblí i gcoitinne. D'fhógair PAS 83 comórtas dá leithéid le linn 2016 lena n-áirítear comórtais do cheapacháin do phoist speisialtachta éagsúla oideachais, chomh maith le roinnt mhaith Cuntasóirí, Iniúchóirí, Innealtóirí agus oibrithe dlí do Ranna agus Oifigí Rialtais éagsúla.

Earcaíocht d'Údaráis Áitiúla

Déanann PAS earcaíocht do phoist éagsúla ghairmiúla shinsearacha le hÚdaráis Áitiúla. D'fhógair PAS 34 comórtas dá leithéid i rith 2016 agus moladh 206 iarrthóir san iomlán do cheapacháin sna poist seo lena n-áirítear róil do Phleanálaithe, Ailtirí, Suirbhéirí Cainníochta, Luachálaithe, Oifigigh Dóiteáin, Leabharlannaithe, Maoirseoirí Páirceanna, Cuntasóirí agus oibrithe gairmiúla Dlí a bhí cáilithe agus a raibh taithí acu.

Earcaíocht do Chomhairligh Ospidéil

Tá ról lárnach ag PAS i gcomhar le FnaSS maidir le comhairligh leighis a earcú chuig an tseirbhís sláinte phoiblí. I 2016, moladh 100 comhairleach ospidéal do cheapachán tar éis próiseas rathúil roghnaithe a d'eagraigh PAS.

Boird Stáit

Tá sé dhá bhliain anois ó seoladh stateboards.ie a thug isteach bealach isteach agus próiseas oscailte, éifeachtach agus éifeachtúil chun daoine cumasacha agus ábalta a shainaithint d'Airí le measadh le ceapadh ar Bhoird Stáit.

Anois tá os cionn 5,700 duine cláraithe a fhaigheann fógra faoi fholúntais a thagann chun cinn ar Bhoird Stáit. Fógraíodh os cionn 500 folúntas ar 218 Bord agus fuarthas os cionn 8,000 iarratas dóibh. Go dtí seo ceapadh beagnach 400 duine i bpoist ar Bhoird Stáit, agus is mná 46% daoibh.

Chuidigh PAS leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú a dhéanamh ar Threoirlínte Bhoird Stáit sa bhliain 2016. Mar chuid den aighneacht den phróiseas athbhreithnithe, lorg PAS tuairimí ó dhaoine a bhí ar phainéil measúnaithe chun a dtuairimí den phróiseas a mheas. Tugadh aird ar an aiseolas agus na moltaí Chomh maith le sin, lorg PAS tuairimí ó dhaoine atá cláraithe ar statebaords.ie le fógraí a fháil faoi fheachtais a fógraíodh. Eisíodh suirbhé ar líne agus fuarthas os cionn 950 freagra. Orthu siúd a thug freagra:

- bhí iarratas déanta ag 64% ar Bhord Stáit
- shíl 90% acu go raibh an t-eolas a tugadh dóibh sásúil agus go raibh an próiseas i gceist soiléir
- shíl beagnach 90% acu go raibh an próiseas iarratais réasúnta simplí
- dhéanfadh 97% acu iarratas ar phost eile amach anseo nó dhéanfadh siad machnamh air.

Thug na daoine a thug freagra aiseolas faoin phróiseas agus tabharfaidh PAS aird air sin chun an próiseas a fheabhsú níos mó.

I mí na Samhna 2016, d'iarr PAS ar chomhlacht taighde Suirbhé Feasacht Branda a dhéanamh faoi fheasacht faoi Bhoird Stáit agus stateboards.ie, agus moltaí a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí maidir le plean gníomhaíochta chun daoine a chur ar an eolas.

Cuirfear na príomh-mholtaí ón suirbhé i bhfeidhm i 2017. Lean PAS ag cur daoine ar an eolas faoi stateboards.ie nuair a bhí siad i láthair ag eachtraí ar nós comhdhálacha agus seimineáir agus trí fhógraí dírithe i bhfoilseacháin speisialtachta. Tá achoimre de ghníomhaíochtaí State Boards 2016 leagtha amach in Aguisín II.

Margaíocht agus Cumarsáid

I 2016 dhírigh an t-aonad Margaíochta agus Cumarsáide ar fheasacht agus láithreacht a mhéadú ag níos mó eachtraí gairme éagsúla. Shainaithin PAS dóigheanna nua ar theacht ar thallann éagsúil chun gairmeacha sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn. Dhírigh PAS ar fheasacht a mhéadú faoi ghairmeacha san earnáil phoiblí ag an dara agus ag an tríú leibhéal. Le trí go cúig bliana tá na fostóirí is mó ag lorg tallainne níos luaithe, mar sin tá sé fíor-thábhachtach a chinntiú go bhfuil mic léinn chumasacha ar an eolas faoin earnáil phoiblí chomh luath agus is féidir.

Gradaim GradIreland

I 2015 chuir muid le gradpublicjobs.ie trí rannóg AE agus Idirnáisiúnta a chur isteach. D'éirigh go maith leis an phlean seo agus dá bharr sin, leasaigh muid é sa bhliain 2016 nuair a sheol muid 'Leagan AE' chun eolas úsáideach a chur ar fáil go simplí faoi dheiseanna san AE. Bhí sé mar aidhm aige a bheith furasta ag céimithe iarratas a dhéanamh agus i ndeireadh na dála poist a bhaint amach in eagraíochtaí an AE agus idirnáisiúnta. Mar thoradh ar "leagan AE de gradpublicjobs.ie" cuireadh gradpublicjobs.ie ar liosta gearr don suíomh gréasáin earcaíochta is fearr ag gradaim GradIreland 2016 agus fosta don Civil Service Excellence and Innovation Award.

Feachtais na Meán Sóisialta

I 2016 bhí ról tábhachtach ag Meáin Shóisialta i straitéis margaíochta PAS, a d'fhág go raibh PAS ábalta dul i dteagmháil go díreach le hiarrthóirí reatha agus iarrthóirí a d'fhéadfadh a bheith ann tríd ár gcuntas Meáin Shóisialta (Facebook, Twitter agus LinkedIn). I 2016 úsáideadh ár leathanach Facebook chun líon mór feachtas a chur chun cinn. Úsáideadh ár gcuntas LinkedIn go háirithe chun poist Ardfheidhmiúcháin a chur chun cinn, fógraíodh 102 post i 2016 agus fuarthas beagnach 4,000 iarratas.

Sár-réitigh earcaíochta agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar

Tá sé mar aidhm ag PAS a bheith mar sholáthraí seirbhíse comhroinnte earcaíochta agus acmhainní den chéad rogha trí mhodh tanaí agus éifeachtach earcaíochta agus acmhainní a sholáthar, tríd an chuid is mó do riachtanais ár gcliant a chomhlíonadh agus a chur ar a gcumas dár mbaill foirne go n-aithneofaí iad mar earcaithe den scoth.

Chun é seo a bhaint amach, ní mór do PAS a fheidhmíocht agus sástacht na gcliant a thomhas ar bhonn leanúnach. Ní mór do PAS an cumas éilimh mhéadaithe earcaíochta agus soláthair a thagann faoina chúram a chomhlíonadh.

Tá clár i bhfeidhm ag PAS chun measúnú a dhéanamh ar cad a bhain na Caighdeáin Soláthar Seirbhíse amach (mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus sa Ráiteas Straitéise). Déanann an Fhoireann Bhainistíochta agus Bord PAS measúnú ar na tuairiscí maidir leis na caighdeáin seo a bhaint amach go rialta.

I 2016, comhlíonadh 83% de na feachtais earcaíochta ghairmiúla agus theicniúla taobh istigh den sprioc 16 seachtaine a comhaontaíodh le cliaint; comhlíonadh 45% d'fheachtais feidhmiúcháin taobh istigh de 12 sheachtain.

Bhí aidhm ann fás inbhuanaithe a bhaint amach agus rinneadh sin sa bhliain 2016, agus tháinig méadú 63% ar líon na n-iarratas a fuarthas, agus méadú 65% i líon na ndaoine a cuireadh faoi agallamh.

Líon na nIarratas a Próiseáladh



Líon na nIarrthóirí a Cuireadh faoi Agallamh



Leasú Próiseas

Mar chuid d'athbhreithniú inmheánach den phróiseas earcaíochta iomlán i PAS, ba léir go raibh sé riachtanach díriú níos mó ar an staid dheiridh (imréiteach agus sannacháin). Bhunaigh PAS dhá fhoireann imréitigh agus sannta a dhíríonn ar iarrthóirí a réiteach do ghráid seirbhíse ghinearálta agus do phoist ghairmiúla agus theicniúla sa státseirbhís. Chuir seo caighdeán i bhfeidhm maidir leis an phróiseas réitithe agus sannta agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun an próiseas a bhrostú. Cuireadh feabhas mór le tréimhse ama an phróisis agus le líon na ndaoine a réitíodh agus mhéadaigh líon na ndaoine a sannadh 51% (mar a léirítear i bhFigiúr 3 thíos).



Teagmháil agus comhoibriú le cliaint a mhéadú nuair atá seirbhís den scoth á soláthar dár gcliaint

Ina Ráiteas Straitéise tá PAS tiomanta do chaidreamh le cliaint a dhaingniú agus comhoibriú a chur chun cinn chun torthaí a fheabhsú trí phointí teagmhála agus tacaíochta cinnte agus trí sheirbhís lán eolais, gan uaim agus éifeachtach a sholáthar a chomhlíonann a riachtanais ar fad.

Lean PAS ag obair le cliaint agus á dtarraingt isteach i rith 2016. Bíonn cliaint i dteagmháil le PAS chun cuidiú a fháil maidir le riachtanais earcaíochta agus ba mhaith leo go mbeadh níos mó baint ag PAS le réimsí taobh amuigh de ghnáth-dhualgais PAS (réimsí nach dtagann faoi reachtaíocht do Bhainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) san áireamh, dá mbeadh na hacmhainní ag PAS. Déantar cinntí maidir le cabhair a thabhairt i gcásanna dá leithéid ó chás go cás de réir mar atá ualach oibre PAS ag an am áirithe sin.

I lár na bliana 2016 chuir PAS modh nua Bainistíocht an Chaidrimh le Cliaint (CRM) i bhfeidhm. Bhí sé mar aidhm aige seo seirbhís níos fearr a thabhairt do chliaint trí phointe teagmhála amháin a thabhairt dóibh chun déileáil lena n-iarratais earcaíochta agus foirne agus eolas a thabhairt dóibh maidir le dul chun cinn i dtaca le comórtais agus iarratais. Aidhm eile a bhí ann ná feabhas a chur le sruth oibre agus sceideal oibre go hinmheánach i PAS trí fheabhas a chur lenár dtuairim ar éileamh reatha agus amach anseo do bhaill foirne ag leibhéil éagsúla. Feidhmíonn an CRM i gcomhar le bainisteoirí na gcliant mar phríomh-chomhéadan idir PAS agus eagraíochta cliant. Bíonn cruinnithe rialta leis na cliaint mhóra chun a riachtanais foirne a phlé agus a chinntiú go bhfuil cumarsáid agus aiseolas anonn is anall faoin tseirbhís a sholáthraítear. Taifeadann foireann tacaíochta CRM gach iarratas do bhaill foirne agus do chomórtais, tugann siad an t-eolas is déanaí agus tugann siad freagra ar cheisteanna ó chliaint agus oifigí agus tugann siad tacaíocht do bhainisteoirí na gcliant ina ról trí eolas cruinn agus is déanaí a thabhairt faoin obair atá ar siúl do gach cliant. Tugtar eolas go rialta do chliaint faoi stádas na gcomórtas agus faoi phainéil atá ar fáil tríd litir nuachta CRM.

Tá modh foirmiúil nua i bhfeidhm maidir le baill foirne a lorg agus do chomórtais nua trí fhoirmeacha iarratais gur gá don chliant a chomhlíonadh agus a chur chuig bosca ríomhphoist an CRM agus chuidigh seo go mór lenar gcumas súil a choinneáil agus tuairisciú ar stádas na n-iarratas ar fad i dtaca le soláthar foirne. Sprioc sa bhreis den CRM nua is ea caidreamh oibre níos fearr agus eolas a roinnt lenár gcliaint. Chun é seo a éascú tá sé beartaithe ag an CRM roinnt eachtraí agus ceardlanna a eagrú do Chliaint. Tharla an chéad eachtra dá leithéid le cliaint i mí na Nollag 2016, ceardlann dar teideal 'Preparing for Specialist Recruitment Campaigns'. Tá sé beartaithe eachtraí eile dá leithéid a eagrú i mí Bhealtaine, mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2017.

Roghanna leictreonacha a úsáid nuair is féidir

Sprioc straitéiseach eile de chuid PAS is ea an úsáid is fearr a bhaint as réitigh TE, lena n-áirítear earcaíocht leictreonach i ngach cainéal soláthair. Bainfear é seo amach trí dhíriú níos mó ar ghrúpaí áirithe trí ardáin ar líne, ag dul i dtreo seirbhís earcaíochta ar líne ó thús go deireadh agus imeacht ar shiúl go mór ó pháipéar a úsáid sa phróiseas. Rinneadh dul chun cinn sa réimse seo i 2016 go háirithe i dtaca le boird gan pháipéar agus measúnú ar líne.

Publicjobs.ie

Tá sé mar aidhm ag an suíomh gréasáin publicjobs.ie seo saoráid chuimsitheach ar líne den scoth a chur ar fáil, atá furasta a úsáid do chliaint agus d'iarrthóirí. Sa bhliain 2016 cuireadh tús le tionscadal chun an suíomh gréasáin publicjobs.ie a ath-dhearadh chun ardán ar líne a chur ar fáil chun ábhar nua gréasáin a chruthú go dinimiciúil le húsáid chun gach gné de dheiseanna agus de sheirbhísí a chuireann PAS ar fáil don phobal a chur chun cinn. Tá sé beartaithe go mbeidh an tionscadal i bhfeidhm i lár na bliana 2017. Tá sé mar fhís ag an tionscadal seo go mbeadh daoine a úsáideann an suíomh ó ríomhaire deisce nó ó fhearas soghluaiste in ann é a úsáid go héasca.

Athbhreithniú ar Iarratas Earcaíochta

I 2016 cuireadh tús le tionscadal an-mhór infheistíochta chun feidhm earcaíochta atá bunaithe ar ghréasán, STAR, a athbhreithniú agus a uasghrádú. Foireann feidhmchláir de mhodúil bainistíochta earcaíochta bunaithe ar ghréasán is ea STAR a chuireann ar chumas PAS gach gné den obair a bhainistiú agus tá sé fíor-thábhachtach maidir le gníomhaíochtaí oibríochta PAS. Tionscadal il-bhlianta atá ann a leasóidh ardán earcaíochta atá bunaithe ar ghréasán a réiteoidh riachtanais oibríochta agus straitéiseacha reatha agus amach anseo de chuid PAS, a bhainisteoidh rioscaí inmheánacha agus a thabharfaidh aird ar na nithe seo:

- Dul chun cinn i dteicneolaíocht
- Athruithe i gcleachtas gnó
- Méadú i ngníomhaíocht i bhfeachtais
- An t-éileamh atá ag ardú do sheirbhísí ar líne agus soghluaiste.

Earcaíocht, Réitigh gan Pháipéar agus Réitigh ó Chian

Sa bhliain 2016 cuireadh roinnt réitigh theicneolaíochta i bhfeidhm i PAS chun gníomhaíochtaí earcaíochta a leasú agus chun feabhas a chur le hoibríochtaí. Ina measc:

- Cuireadh foireann feidhmchlár tástála ar líne sa bhreis isteach in ár bhfoirgneamh in Áras na Caibidle
- Cumas comhdhálacha físe sa bhreis i bhfeidhm
- Réiteach bogearra slán nua i bhfeidhm chun cabhrú lena straitéis do bhoird gan pháipéar do bhoird ghearrliostaithe agus agallaimh
- Réitigh shoghluaiste ríomhaireachta curtha i bhfeidhm ina bhfuil cumas oibre ó chian ar fáil do bhaill foirne ar leith agus a leasaigh ár réitigh maidir le hathshlánú i gcás tubaiste.

Réitigh ríomh-fhoghlama a fhorbairt mar thacaíocht d'oiliúint scileanna an Agallóra

Sa bhliain 2016 chuir PAS tús le tionscadal chun an t-ábhar oiliúna reatha ranga d'Agallóirí (Scileanna an Agallóra / Nótaí Eolais Ionadaí PAS / Nótaí Eolais do Chathaoirligh) a aistriú mar ábhar cúrsa ríomhfhoghlama suimiúil, idirghníomhach. Beidh an t-ábhar nua ina ghné thábhachtach de chlár foghlama cumaisc nua mar thacaíocht d'oiliúint agus d'fhorbairt leanúnach do bhaill foirne agallaimh. Beidh an córas nua an-éifeachtach i dtaca le teachtaireachtaí tábhachtacha a sholáthar agus léireoidh siad na modhanna is nua-aimseartha chun a leithéid a sholáthar. Cuirfear an clár oiliúna seo i bhfeidhm go luath i 2017.

Measúnú ar Líne

Tá clár measúnaithe ar líne i bhfeidhm ag PAS a bunaíodh chun déileáil le líon mór iarrthóirí. De réir an aiseolais a fuarthas ó iarrthóirí agus ó bhaill foirne, slí chothrom atá ann chun trialacha a dhéanamh agus is fearr le hiarrthóirí trialacha a dhéanamh nuair a oireann sé dóibh seachas a theacht chuig ionad réigiúnach agus trialacha a dhéanamh le peann agus páipéar. Nuair a bhí PAS ag tabhairt faoi shlí ar líne, bhí siad ar aire faoin tábhacht a bhaineann le cloí le dea-chleachtas faoi na naoi bhforas sa reachtaíocht chomhionannais agus ceapadh comórtais ar líne ar shlí chun go n-úsáidfear réimse uirlisí measúnaithe agus chun droch-éifeacht a sheachaint; coinníonn PAS súil ghéar ar an mheasúnú ar fad ar líne sa mhéid seo. Cuireann PAS acmhainní suntasacha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus tá na trialacha ar líne ina chuidiú mór sa mhéid sin.

Sa bhliain 2016 chomhlíon iarrthóirí beagnach 95,000 triail ar líne do chomórtais earcaíochta éagsúla. De réir na fianaise a bhailigh PAS éiríonn go maith le hiarrthóirí ar éirigh go maith leo sna staideanna measúnaithe ina dhiaidh sin, agus fuair PAS aiseolas maith faoi chaighdeán na ndaoine atá á gceapadh ó chomórtais le déanaí.

Sa bhliain 2016 lean PAS ag úsáid teicneolaíochta sna comórtais d'Ionaid Mheasúnaithe. Tá E-tray in úsáid go rialta anois do mheasúnú sna comórtais d'Oifigeach Feidhmiúcháin agus do Phríomhoifigeach Cúnta. Cleachtadh measúnaithe dinimiciúil agus idirghníomhach ar líne is ea E-tray a dhéanann aithris ar thascanna a tharlódh san ionad oibre. Tugtar eolas d'iarrthóirí faoi chás san ionad oibre a bheadh cosúil leis na tascanna a bheadh le déanamh ag duine ina c(h)uid oibre. Le himeacht ama sa chleachtadh, cuirtear teachtaireachtaí ríomhphoist agus ar an teileafón chucu agus ní mór dóibh freagra a thabhairt orthu in am fíor agus ní mór dóibh ábhar a scríobh a dhéantar ar líne. Tá iarrthóirí sásta leis seo agus deir siad gur slí measúnaithe dhúshlánach agus réadúil atá i gceist.

I rith 2016 cuir PAS tú le fiosrú faoi sheirbhís dar teideal 'remote invigilation' nó 'remote proctoring' a úsáideann teicneolaíochtaí ar nós webcams, áiseanna éisteachta agus amharcóirí scáileáin chun seirbhís deimhniúcháin a chur ar fáil faoi iarrthóirí a bheith i láthair agus faoina n-iompar le linn dóibh triail ar line a dhéanamh ó chian. Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh faoin mhargadh nua seo i 2016 agus tar éis tairiscintí a lorg, shainaithin PAS ceithre sholáthraí le páirt a ghlacadh i scéim phíolóta i rith 2017.

Eolas agus saineolas a léiriú agus a fhógairt

Tá sé beartaithe ag PAS saineolas atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil don tseirbhís phoiblí agus PAS a bheith in ann saineolas luachmhar a thabhairt d'fhóraim a bhfuil baint acu le hacmhainní AD idir-rannóige agus earnála. I 2016 dhírigh PAS ar chur leis an chlár straitéiseach AD i gcoitinne, ag obair le cliaint ar mheasúnú a fhorbairt, agus leanúint ag díriú ar thagarmharcáil chun eolas faoi dhea-chleachtas a roinnt agus a mhéadú.

D'aithin PAS na forbairtí in AD straitéiseacha sa státseirbhís agus an tábhacht a bhaineann le bheith páirteach i ngrúpaí oibre leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus eile lena n-áirítear:

- Bord Bainistíochta na Státseirbhíse
- Gréasán Oifigigh Pearsanra na Státseirbhíse
- Gréasán an Rúnaí Cúnta
- Cumann Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na nGníomhaireachtaí Stáit
- Ceannasaí ar Ghréasán TCF
- Gréasán Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí
- Fóram na mBainisteoirí AD
- Grúpa Stiúrtha Straitéis AD na Státseirbhíse
- Grúpa Oibre um Chlár Forbartha do Chéimithe
- Grúpa Oibre do Threoraithe atá ag teacht chun inn (Bainistíocht Tallainne)
- Grúpa Seaimpíní um Infreastruchtúr Náisiúnta Sonraí

Cuireann PAS leis na líonraí seo tríd an taithí atá acu maidir le hearcaíocht, a chuid eolais faoi dhúshláin sa mhargadh agus a chuid eolais faoi dhea-chleachtas reatha agus nua maidir le hearcaíocht agus roghnú a roinnt.

Forbairt Measúnaithe

D'fhorbair PAS réimse ceistneoirí measúnaithe ar líne agus tá siad an-éifeachtach mar uirlis scagtha in éineacht le tástálacha ar líne. I 2016, d'fhorbair PAS ceistneoir measúnaithe ar leith d'Oifigeach Príosúin don tSeirbhís Príosún. Tharla seo de bharr thionscadal anailíse poist faoi ról Oifigeach Príosúin faoi Oiliúint a rinneadh i 2016 as ar tháinig creat inniúlachta nua a léiríonn athruithe atá ag tarlú i Seirbhís Príosún na hÉireann. Chomh maith le bheith ina huirlis éifeachtach measúnaithe, tá an ceistneoir úsáideach chun dearcadh a thabhairt d'iarrthóirí faoi fhíricí an róil chun gur féidir leo tarraingt amach as an próiseas mura n-oirfeadh an post dóibh, agus sa mhéid sin oiriúnacht iomlán na n-iarrthóirí ar fad a fheabhsú.

Déanann PAS athbhreithniú go rialta ar na hábhair measúnaithe atá ar fáil ó fhoilsitheoirí trialacha agus i 2016 cuireadh tús le triail úr chun Uiséirí do Thithe an Oireachtais a mheas. Díríonn an triail go díreach ar riachtanais an róil áirithe sin.

Tagarmharcáil

Lean PAS de thagarmharcáil de chleachtas leanúnach i dtaca le measúnú agus chomh maith le foghlaim a roinnt ag roinnt eachtraí tionscail, bhí beirt bhall de na Seirbhísí Measúnaithe i láthair ag an British Psychological Society Division of Work and Occupational Conference i Nottingham. Taispeánann an chomhdháil seo samplaí d'obair nua agus nuálach in eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile.

Mar chuid dár ról cabhair a thabhairt maidir le heolas a chur ar fáil faoi dheiseanna gairme do chéimithe in institiúidí an AE, tá PAS ina bhall gníomhach de EPSO (European Personnel Selection Organisation). Chuaigh Síceolaí de chuid PAS ar iasacht chuig EPSO i 2015 agus nuair a d'fhill sí, chuir sí roinnt ceardlanna ar siúl i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil d'iarrthóirí Éireannacha ar institiúidí AE chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt dóibh trí phróiseas measúnaithe EPSO. Déantar an obair i gcomhoibriú le Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracah agus Trádála. D'fhreastail beirt ionadaí ó PAS Eachtra Líonraithe EPSO in Amsterdam i mí Mhárta 2016.

I mí Dheireadh Fómhair 2016 thug beirt bhainisteoir shinsearacha cuairt ar thrí eagraíocht i Londain agus é beartaithe acu léargas a fháil ar réimsí nua forbartha a mbeadh suim ar leith ag PAS iontu. Bhí sár-chomhrá acu ar dtús le hInstitiúid na Stiúrthóirí sa Bhreatain faoi conas a d'éirigh leo nuair a d'athraigh siad ó thrialacha scríofa le peann agus páipéar a úsáid go mór do bhainisteoirí meán-leibhéal agus ardleibhéal ar a gclár creidiúnaithe chuig trialacha ar líne inar úsáideadh 'remote proctoring'. Ina dhiaidh sin bhí cruinniú le Comhairle Contae Croydon le héisteacht faoina gclár cuimsitheach athruithe agus faoi fhorbairt dá gclár seirbhíse do chustaiméirí trí theicneolaíocht agus uathoibriú a úsáid chun cabhrú lena gcórais agus á bpróisis tacaíochta maidir le seirbhís a sholáthar. Ag an deireadh thug siad cuairt ar Oifig na Comh-Aireachta i Whitehall agus b'fhiú sin a dhéanamh. San áireamh tugadh cuairt ar an Fast Stream Assessment Centre agus pléadh roinnt forbairtí le Fast Stream recruitment and assessment, lena n-áirítear díriú níos mó ar cheisteanna ar nós so-ghluaiseacht shóisialta, intéirneachtaí agus agallamh atá bunaithe ar fhíseán. Phléigh an cruinniú fosta le heolas faoi fhorbairtí sa tseirbhís roghnaithe tástála lárnach ar líne atá ar fáil do ranna státseirbhíse timpeall na Breataine agus forbairtí i dtaca le hEarcaíocht Ardfheidhmeannach. Eagróidh PAS cuairt go Baile Átha Cliath dár gcomhpháirtithe sa Bhreatain i 2017.

I mí na Nollag, thug bainisteoirí sinsearacha ó PAS cuairt ar Oifigí Selor (an tseirbhís lárnach earcaíochta do sheirbhís phoiblí na Beilge sa Bhruiséil. Bhí sé mar aidhm ag an chuairt tuilleadh eolais a fháil faoi na hoibríochtaí earcaíochta a rinne Selor agus go háirithe tuiscint níos fearr a chur ar roinnt de na modhanna éagsúla atá acu agus iad ag plé le hoibríochtaí ina bhfuil líon mór iarratas. Thug seo léargas faoi struchtúr a chur ar chomórtais mhóra atá cosúil leis an dóigh a dhéanann PAS iad go dtí staid na n-agallamh, agus sannadh ina dhiaidh sin ina mbíonn níos mó baint ag an eagraíocht earcaíochta / fostaithe leis. Léirigh bainistíocht oibríochta staideanna roimhe seo modhanna agus prionsabail shuimiúla lena n-áirítear béim níos mó ar fhéin-sheirbhís ó iarrthóirí agus aitheantóirí ar leith a úsáid chun iarrthóirí a thagann chuig measúnú a dheimhniú. Fuair na gnéithe seo agus roinnt eile tacaíocht ó ardán TE agus caitheamh roinnt ama fosta ag fáil tuiscint ar fhoinsiú, ar fhorbairt agus ar chothabháil an chórais sin rud a thug comhthéacs úsáideach don fhorbairt reatha den fheidhm earcaíochta STAR i PAS.

Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024

Thug PAS faoi thionscadal suntasach i 2016 mar chuid de Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024. Rinneadh cleachtadh cuimsitheach tagarmharcála ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le meascán d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tharla plé fosta le heagraíochtaí a sheasann do dhaoine faoi mhíchumas. Mar chuid de seo eagraíodh dhá sheisiún "Lunch and Learn" le baill foirne PAS agus d'fhreastail roinnt mhaith daoine air. Bhí trí sheisiún le Dyslexia Association of Ireland agus le Aslam, eagraíocht a oibríonn le daoine a bhfuil uathachas orthu. D'fhreastail triúr ball de PAS ar chúrsa oiliúna dhá lá le Aslam a thug sár-léargas ar bheith ag obair le daoine a bhfuil uathachas orthu. Mar thoradh ar an tionscadal forbraíodh Cairt nua do Dhaoine faoi Mhíchumas. Forbraíodh próiseas nua a léiríonn próiseas chun cóiríocht réasúnta a sholáthar agus tá an dá dhoiciméad le feiceáil go soiléir ar **www.publicjobs.ie.**

Cumasóirí Ár nDaoine

Aithnítear gurab iad baill foirne an phríomh-ghné chun ár gclár cuimsitheach oibre a sholáthar gach bliain. Tá sé mar aidhm ag PAS obair dhúshlánach agus shuimiúil a chur ar fáil chun gur féidir le baill foirne a gcumas iomlán a bhaint amach; chun fócas, cumas agus scileanna na mball foirne a neartú; agus cumarsáid éifeachtach a choinneáil ar fud na heagraíochta.

Tá PAS tiomanta do bheith ina heagraíocht foghlama a aithníonn agus a bhaineann an úsáid is fearr as a mbaill ar fad.

Teagmháil le Baill Foirne

Is féidir le PAS ualach fíor-mhór oibre a sholáthar mar gheall ar an solúbthacht agus ar an tiomantas a léiríonn na baill foirne. Cinntíonn PAS go bhfuil na baill foirne páirteach trí cheannaireacht, forbairt foirne agus cumarsáid ar bhonn leanúnach. I 2016 thosaigh 65 ball foirne nua i PAS rud a chruthaigh dúshláin mhóra don eagraíocht. Bhí an líon sin de bhaill foirne riachtanach chun an t-ualach níos mó oibre a sholáthar ach bhí sé tábhachtach go rachadh na baill foirne nua i dtaithí ar mheon PAS chomh gasta agus chomh héifeachtach agus is féidir agus an teagmháil le baill foirne a bhfuil cáil ar PAS as a choinneáil.

Cur síos ar ghníomhaíochtaí foirne 2016: **Iomlán 113**



Spreagadh baill foirne a bheith páirteach ag ócáidí ar nós "Lunch and Learn" agus ag fóraim cumarsáide inmheánacha eile agus ag ócáidí a d'eagraigh cumann sóisialta PAS. Bhí sé tábhachtach do PAS freagra a thabhairt ar aiseolas ó bhaill foirne agus cuireadh plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun déileáil le ceisteanna ar bith a sainaithníodh i suirbhé na mball foirne (sa státseirbhís i gcoitinne agus go hinmheánach) agus chun moltaí a fuarthas ó bhaill foirne a chur i bhfeidhm mar chuid den phróiseas lena n-áirítear moltaí a bhaineann le feabhas i seirbhísí do chustaiméirí seachtracha. Cuireadh an plean gníomhaíochta i bhfeidhm go hiomlán tríd an Choiste Comhpháirtíochta agus an Fhoireann Ardbhainistíochta.

Oiliúint agus Forbairt

Cuireadh réimse clár oiliúna agus forbartha i bhfeidhm do bhaill foirne i 2016 lena n-áirítear taifid a bhainistiú mar thoradh ar reachtaíocht i dtaca le Saoráil Eolais agsu Cosaint Sonraí, Tosú i mBainistíocht, Dínit san Ionad Oibre agus Oiliúint don Oiliúnaí do bhaill foirne a bhfuil baint acu le hoiliúint don phost.

Chuir clár meantóireachta inmheánach tacaíocht ar fáil do gach bainisteoir a hoileadh go nua agus cuireadh meantóireacht sheachtrach ar fáil do bhaill nua den Bhord Bainistíochta. D'fhreastail bainisteoirí sinsearacha ó PAS ar ranganna máistreachta agus ar sheimineáir i rith 2016.

Bhain baill foirne PAS leas as ár scéim aisíoctha táillí chun freastal ar chúrsaí céime agus iarchéime a bheadh mar leas dóibh féin agus don eagraíocht. Bhain PAS an úsáid is fearr as na scileanna a bhí á bhforbairt trí chinntiú gur cuireadh baill foirne ag obair sna réimsí is fearr a d'oir dóibh.

Tagarmharcáil Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna

D'éirigh go maith le PAS i measúnú bliantúil an NSAI maidir le creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe (ETP). Díríonn an ETP ar eagraíochtaí féachaint ar a mbaill foirne mar fhoinse tábhachtach do bhuntáiste san iomaíocht. Cabhraíonn an slí seo le heagraíochtaí feabhas a bhaint amach i ngnó mar seo a leanas:

- Na córais chearta acmhainní daonna a chur i bhfeidhm chun na torthaí oibre is fearr a fháil ó bhaill foirne;
- Cleachtais i dtaca le daoine a chur in oiriúint le spriocanna na heagraíochta;
- Na torthaí is fearr a bhaint as acmhainní daonna a bhainistiú.

Tá sé phríomh-rannóg i gceist sa phróiseas chun feabhas a chur le gnó. Is iad sin:

- Pleanáil gnó agus feabhsú leanúnach;
- Cumarsáid éifeachtach agus obair na ndaoine;
- Ceannaireacht agus bainistíocht ar dhaoine;
- Pleanáil foghlama agus forbartha;
- Measúnú foghlama agus forbartha;
- Córais acmhainní daonna agus leas na bhfostaithe.

Bhí an measúnóir ar an láthair do mheasúnú, d'fhéach sé ar fhianaise scríofa maidir leis an chaighdeán nua a chomhlíonadh agus labhair sé le baill foirne áirithe san oifig. Scrúdaigh an measúnóir na sé réimse agus rinne sé beart de réir na moltaí a rinneadh sa mheasúnú roime sin i 2015.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá comhionannas agus éagsúlacht tábhachtach i ndearcadh na heagraíochta. Cinntíonn PAS é seo mar seo a leanas:

- A chinntiú go bhfuil comhionannas i bhfeidhm maidir leis na modhanna measúnaithe agus roghnaithe nua;
- Monatóireacht maidir le comhionannas a dhéanamh ar gach triail ina raibh líon mór iarratas;
- An Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta inmheánach agus an Plean Gníomhaíochta Inrochtaineachta a chur i bhfeidhm (déanann siad monatóireacht fosta ar riachtanais an Achta Míchumais a chomhlíonadh);
- San áireamh tá ceisteanna faoi Chomhionannas agus Éagsúlacht mar chuid den Chlár Corparáideach Ionduchtaithe do gach ball foirne nua; agus oiliúint maidir le Feasacht Míchumais agus Feasacht Éagsúlachta a sholáthar do bhaill foirne;
- Leabhrán dar teideal 'Accessible features and services of the Public Appointments Service' a fhorbairt. Léiríonn ár leabhrán eolais seo gnéithe éagsúla dár seirbhís earcaíochta inrochtana agus rochtain fhisiceach na hOifige i gcoitinne. Tá sé dírithe ar chinntiú do chustaiméirí go bhfuil na háiseanna agus na seirbhísí atá riachtanach ag PAS chun gur féidir leo páirt a ghlacadh sa phróiseas earcaíochta is rogha leo cothrom agus neamhchlaonta. Tá an leabhrán ar fáil ar publicjobs.ie.
- Páirteach i WAM Programme – Willing Able Mentoring Programme. Seo tionscadal socrúcháin a dhéantar i gcomhar leis an Aonad Comhionannais, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, AHEAD agus PAS. Spreagann an clár seo do chéimithe socrúchán sé mhí a dhéanamh. Reáchtáil PAS na hagallaimh don chlár seo i 2016. Ghlac PAS céimí amháin chun dul ag obair sa réimse deimhniú cáilíochta ar feadh sé mhí; tairgeadh socrúcháin do chéimithe eile in eagraíochtaí eile Rialtais.

Clár Feabhsaithe Caighdeáin

Chuir PAS clár feabhsaithe caighdeáin i bhfeidhm ina gcuirtear an Plean Gníomhaíochta Caighdeáin i bhfeidhm. Tá na gníomhaíochtaí sa phlean bunaithe ar réimsí a sainaithníodh chun feabhas a chur orthu, lena n-áirítear aiseolas ó ghrúpaí custaiméirí; moltaí ó athbhreithnithe inmheánacha faoi chaighdeáin; aiseolas ó athbhreithnithe a reáchtáil athbhreithneoirí inmheánacha nó eadránaithe cinnidh faoi phróisis athbhreithnithe Chód Cleachtais an CCSP. I measc na ngníomhaíochtaí bhí tionscnaimh feabhsaithe gnó agus feabhsú ar na seirbhísí a sholáthraítear do chustaiméirí, do chliaint agus do bhaill de bhoird roghnaithe.

03

Rialachas agus Bainistíocht

Ról Bhord PAS agus Ról an POF

Bhunaigh an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Forálann an tAcht Príomhfheidhmeannach do PAS agus Bord a cheapadh. Forálann na struchtúir a cuireadh sa reachtaíocht go mbeidh an Príomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasaíochta do PAS agus ina Cheannaire ainmnithe den Oifig Sceidealaithe de réir an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 1997. Dá bhrí sin, comhlacht den Státseirbhís is ea PAS agus tá impleacht aige sin ar ról agus cineál Bhord PAS, ról comhairleach atá i gceist de bharr na bhfreagrachtaí láidre dlí atá ar an Phríomhfheidhmeannach.

Ról Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar cheann de roinnt bheag Comhlachtaí Stáit a bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta Reachtúil (an Príomhfheidhmeannach) acu de réir mar a thuigtear in Alt 22 d'Acht an Státchiste agus Ranna Iniúchta 1866 atá freagrach as cistí Vótáilte. Dá bhrí sin tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na Cuntais Leithreasa agus gnáthaimh i dtaca le hairgeadas poiblí a bhaineann leo.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta féin freagrach don Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) den reachtaíocht as rialtacht agus ionracas idirbhearta sna cuntais a bhfuil sé/sí freagrach astu chomh maith le barraineacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na maoirseachta ar shócmhainní.

Ról an Phríomhfheidhmeannaigh mar Cheannasaí den Oifig Sceidealaithe

Tá an Príomhfheidhmeannach ainmnithe mar Cheannasaí den Oifig Sceidealaithe (PAS) faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 1997. Sa mhéid sin, tá na freagrachtaí atá leagtha amach sa reachtaíocht ar an Phríomhfheidhmeannach seachas ar an Bhord.

Feidhmeanna Bhord PAS

I gcoitinne tá feidhm reachtúil ag bord PAS comhairle a thabhairt seachas na feidhmeanna traidisiúnta atá ag Boird Stáit agus tríd is tríd baineann sin le comhairle nó treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, rud a léiríonn an caidreamh freagrachta atá ag an POF leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na feidhmeanna ar leith leagtha amach in alt 36 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapachán) 2004.

Bord PAS
Cathaoirleach Iníon Judith Eve, Iar-Chathaoirleach Choimisinéirí na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann **Baill an Bhoird** Iníon Fiona Tierney, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí An tUasal Paul Lemass, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobal agus Rialtais Áitiúil An Dr. Eddie Molloy, Comhairleoir AD Iníon Anne-Marie Taylor, Comhairleoir Bainistíochta Iníon Eimear Kenny, Feidhmeannach Sinsearach AD Iníon Oonagh Mc Philips, Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais An tUasal Damien McCallion, Stiúrthóir Náisiúnta FnaSS An tUasal David Cagney, Príomhoifigeach Acmhainní Daonna don Státseirbhís, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Cruinnithe Boird

Bhí sé chruinniú i 2016 agus seo thíos na daoine a d'fhreastail ar gach cruinniú boird.

Dáta	Daoine i láthair
23ú Feabhra	Iníon Judith Eve (Cathaoirleach) Iníon Fiona Tierney An tUasal Eddie Molloy Iníon Ann Marie Taylor Iníon Oonagh McPhillips An tUasal David Quinlan
22 Aibreán	Iníon Judith Eve (Cathaoirleach) Iníon Fiona Tierney An tUasal Eddie Molloy Iníon Ann Marie Taylor An tUasal Damien McCallion Iníon Eimear Kenny An tUasal Paul Lemass
17 Meitheamh	Iníon Judith Eve (Cathaoirleach) Iníon Fiona Tierney An tUasal Eddie Molloy Iníon Ann Marie Taylor An tUasal Damien McCallion Iníon Oonagh McPhillips An tUasal David Quinlan
2 Meán Fómhair	Iníon Judith Eve (Cathaoirleach) Iníon Fiona Tierney An tUasal Eddie Molloy Iníon Ann Marie Taylor An tUasal Damien McCallion Iníon Oonagh McPhillips An tUasal David Quinlan
4ú Samhain	Iníon Judith Eve (Cathaoirleach) Iníon Fiona Tierney An tUasal Eddie Molloy Iníon Ann Marie Taylor An tUasal Damien McCallion An tUasal David Quinlan
9ú mí na Nollag	Iníon Judith Eve (Cathaoirleach) Iníon Fiona Tierney An tUasal Eddie Molloy Iníon Ann Marie Taylor An tUasal Damien McCallion An tUasal David Cagney An tUasal Paul Lemass Iníon Oonagh McPhillips

Bord Bainistíochta

Tá sé mar aidhm ag an Bhord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlíontar straitéis na heagraíochta agus lena chinntiú go bhfuil struchtúir éifeachtacha bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear struchtúir rialachais chorparáidigh agus go n-oibríonn siad go héifeachtach. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as a chur in iúl do Bhord PAS faoi úsáid éifeachtach acmhainní uile PAS agus,leis na hacmhainní a thugtar, a chinntiú go bhfuil an cumas ag PAS a dualgais reachtaíochta a chomhlíonadh.

Treoraíonn foireann bhainistíochta PAS cur i bhfeidhm na gcóras, na bpróiseas agus an iompar atá riachtanach chun dea-rialachas a chur chun cinn ar fud na heagraíochta agus a chinntíonn go n-oibríonn na baill foirne ar fad le chéile mar fhoireann den scoth. D'fhoilsigh an fhoireann bhainistíochta Creat Rialachais Chorparáidigh do PAS i 2016 agus tá seo ar fáil ar publicjobs.ie. Tá freagracht ar gach ball den fhoireann bhainistíochta ceannaireacht a thaispeáint, cur le bainistíocht PAS i gcoitinne agus cuidiú lena gcomhghleacaithe maidir lena spriocanna a bhaint amach. Leagann ceannaireacht agus bainistíocht PAS amach conas tabhairt faoi rialachas éifeachtach ón bharr, léiríonn siad dea-iompar rialachais chomh maith le tiomantas chun spriocanna a bhaint amach trí phróisis chuntasacha.

Baill den Bhord Bainistíochta	
Ainm agus Ról	**Freagrachtaí**
Fiona Tierney, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 	Beartas agus straitéis an Bhoird a chur i bhfeidhm, agus bainistíocht agus oibriú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.
John Keegan, Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha agus Boird Stáit 	Na seirbhísí tacaíochta corparáideacha ar fad a sholáthar chun gur féidir le PAS a chlár oibre a sholáthar lena n-áirítear roghanna leictreonacha a fhorbairt agus a chinntiú leis na cumasóirí go bhfuil na daoine, rialachas, teicneolaíocht, próisis agus áiseanna ar fáil. Freagrach do ról PAS maidir le Boird Stáit.
Niall Leavy, Ceannasaí Tionscadail Straitéiseacha 	Freagrach as tacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta ar thionscadail éagsúla straitéiseacha agus forbartha a chabhraíonn leis an eagraíocht modhanna earcaíochta agus measúnaithe ceannródaíocha a shainaithint agus a ullmhú le glacadh agus cuidiú lena chinntiú go soláthraítear sár-sheirbhís do chliaint san earnáil phoiblí ar bhonn leanúnach.

Baill den Bhord Bainistíochta	
Ainm agus Ról	**Freagrachtaí**
Áine Gray, Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe 	Dea-chleachtas i bpróisis measúnaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun iarrthóirí a roghnú dár gcliaint agus deimhniú a sholáthar sa réimse.
Margaret McCabe, Ceannasaí Earcaíochta agus Roghnaithe 	Sár-réitigh do sheirbhís chomhroinnte earcaíochta a sholáthar (lena n-airítear comórtais earcaíochta a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil) agus na hiarrthóirí is fearr a chur ar fáil do chliaint do cheapachán agus teagmháil agus comhoibriú na gcliant a mhéadú agus sár-sheirbhís a sholáthar dár gcliaint.
Mary Flynn, Bainisteoir Stiúrtha, Grúpa Ceartais 	Seirbhís earcaíochta a sholáthar maidir le Gardaí faoi Oiliúint, Cúltaca an Gharda agus Oifigeach Príosúin agus an earnáil Ceartais / gníomhaireachtaí a bhainistiú; seirbhísí comhairleacha a sholáthar.
Michelle Noone, Ceannasaí Cuardach Feidhmeannach, Margaíochta agus Cumarsáide 	Modhanna cuardaigh feidhmeannach a úsáid chun sár-iarrthóirí a shainaithint do cheapacháin mar Ardfheidhmeannach agus ag leibhéal Boird.
Lisa Keyes, Ceannasaí an Chaidrimh le Cliaint agus Oibríochtaí Earcaíochta 	Freagrach as oibríochtaí earcaíochta i PAS. San áireamh tá caidreamh le cliaint; foirne réitigh agus sannta; oibríochtaí ag tosach an tí agus tacaíocht do ghnó inmheánach.

Struchtúr na hEagraíochta



Déanann Aonad na Seirbhísí Earcaíochta agus Roghnaithe (RSSU) príomhfheidhmeanna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Tá ocht bhfoireann earcaíochta i gceist san RSSU chomh maith le foireann speisialtachta imréitigh agus sannta, agus tá Bainisteoir Earcaíochta i gceannas ar gach foireann. Tá speisialtacht ar leith ag gach foireann ach tá an struchtúr solúbtha go leor chun díriú ar acmhainní nuair atá éileamh mór i gceist am ar bith. Tá foireann speisialtachta freagrach as próiseas na mBoird Stáit.

Tugann aonaid tacaíochta na hOifige cabhair don RSSU: Imréiteach agus Sannacháin, Seirbhísí Measúnaithe, Cuardach Feidhmeannach, Margaíocht agus Cumarsáid, Teicneolaíocht Eolais, Airgeadas, Caidreamh le Custaiméirí agus Oibríochtaí Inmheánacha, Acmhainní Daonna, Comhlíonadh agus Deimhniú Cáilíochta.

An Coiste Iniúchta

Is iad seo thíos baill an Choiste Iniúchta:

Cathaoirleach

Iníon Sylda Langford, Iar-Ard-Stiúrthóir, Oifig an Aire Leanaí
(go dtí an 21 Meán Fómhair 2016)

An tUasal Tom Moran, Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
(Ceapadh le héifeacht ón 1 mí na Nollag 2016)

Baill

An tUasal Michael Culhane, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhíse, Ceanncheathrú an Gharda, Páirc an Fhionnuisce (go dtí an 21 Meán Fómhair 2016)

An tUasal Paul Lemass, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobal agus Rialtais Áitiúil

An tUasal Brian Murphy, Príomhoifigeach Cúnta, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (go dtí an 21 Meán Fómhair 2016)

An tUasal Tom Young, Iar-Stiúrthóir BNY Mellon
(Ceapachán i bhfeidhm ón 15 Meán Fómhair 2016)

Iníon Geraldine Kelly, Iar-Stiúrthóir Carbon Solutions, ESB International (
Ceapachán i bhfeidhm ón 1 mí na Nollag 2016)

Comhlíonann an Coiste Iniúchta feidhmeanna maidir leis na réimsí seo:

- Rialáil Inmheánach
- Rialáil agus Bainistíocht Riosca
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach
- Bainistíocht Airgeadais
- Feidhmeanna Tuairiscithe

I rith 2016 dhírigh an Coiste ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Úsáideadh an Plean Straitéiseach Iniúchta 2016 - 2018 mar bhonn chun torthaí iniúchta a sholáthar i 2016.

Tugadh an dá thuarascáil iniúchta seo don Choiste Iniúchta Inmheánaigh le linn 2016:

- Bainistíocht Acmhainní
- Baill de Bhoird Inmheánacha lena n-áirítear taisteal agus cothú agus íocaíochtaí eile

Rinne comhlacht Iniúchóirí Inmheánacha a choinnigh PAS (tar éis próiseas soláthair a dhéanamh) do sheirbhísí iniúchta dá leithéid, na hathbhreithnithe. Ní bhfuarthas aon riosca suntasach nó ceist faoi dheimhniú mar thoradh ar na hiniúchtaí seo agus bhí an Coiste Iniúchta sásta má chuirtear na moltaí sa tuarascáil i bhfeidhm go neartóidh sin na rialúcháin atá ann cheana sna réimsí seo.

Rinne an tAonad Comhlíonta agus Deimhniú Cáilíochta i PAS athbhreithniú inmheánach faoin phróiseas imréitigh agus thug an Bainisteoir Comhlíonta é don Choiste Iniúchta Inmheánaigh. Bhí sé mar aidhm ag an athbhreithniú tréimhsí ama do imréiteach a scrúdú agus lena chinntiú go raibh próiseas maith i bhfeidhm. Rinneadh roinnt moltaí chun na nósanna imeachta agus tréimhsí ama do imréiteach a fheabhsú. Ní bhfuarthas aon fhadhb shuntasach.

Bainistíocht Riosca

D'fhorbair an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Creat Bainistíochta Riosca agus Beartas Bainistíochta Riosca a oireann don oifig. Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca inmheánach maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an phróisis seo. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú agus tugtar eolas faoi rioscaí reatha atá ag an eagraíocht don Choiste Iniúchta agus do Bhord PAS ag gach cruinniú. Pléitear riosca tábhachtach go dian ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus de Bhord PAS. Rinneadh athbhreithniú ar an Chlár Riosca Corparáideach i 2016. Pléann an Bord Bainistíochta é go rialta. Is iad na rioscaí atá ag PAS faoi láthair ná Rialachas Eolais, Slándáil TE agus acmhainní a fháil chun na seirbhísí a theastaíonn ó chliaint PAS a sholáthar in am. Chaith PAS a lán ama agus acmhainní chun déileáil leis na trí phríomh-rioscaí seo.

Bunaíodh Grúpa Maoirseachta um Rialachas Eolais Ilréimsiúil i 2016 agus bhí baint aige le rialúcháin sa bhreis sa réimse seo. Cuirfidh an Grúpa a chlár chun cinn i 2017. Glactar leis gur acmhainn thábhachtach agus luachmhar is ea eolas a bhfuil baint ar leith aige le hoibriú rathúil PAS. Coinníonn PAS eolas go leictreonach agus ar pháipéar maidir le gach gníomhaíocht oibríochta. Pléann PAS le sonraí pearsanta le fíor-chúram. Tá an ról thíos ag an Ghrúpa Maoirseachta um Rialachas Eolais:

- Maoirseacht a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta i dtaca le rialachas eolais
- A chinntiú go gcuirtear rialachas eolais san áireamh i straitéisí corparáideacha
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a bhaineann le rialachas corparáideach
- Maoirseacht a dhéanamh ar oiliúint i dtaca le rialachas eolais
- Tuairisciú do Bhord Bainistíochta PAS go rialta

I 2016 d'fhorbair an Grúpa Prionsabail Rialachais Eolais do PAS, ghlac an Bord Bainistíochta leo agus cuireadh é sin ar an eolas do gach ball foirne. Tá sé beartaithe na prionsabail sin a chur i bhfeidhm i 2017 ar fud na heagraíochta mar chuidiú agus ansin monatóireacht a dhéanamh ar a chomhlíonadh.

Rinneadh infheistíocht mhór ar shlándáil TE i 2016 lena n-áirítear leibhéal na tacaíochta teicneolaíochta a mhéadú, acmhainní TE sa bhreis a shannadh sa réimse seo agus oiliúint TE ar líne a thabhairt de réir mhodúil do gach ball foirne. Ta rioscaí don eagraíocht sa réimse seo ag méadú agus dá bhrí sin ní féidir le PAS é a chosc go hiomlán ach rinne an eagraíocht an oiread agus is féidir chun an riosca a laghdú agus rialúchán a mhéadú sa réimse seo.

Bhí an baol ann nach n-éireodh le PAS éilimh na gcliant a chomhlíonadh de bharr easpa acmhainní ach ghnóthaigh siad acmhainní suntasacha i 2016 agus cuireadh iad sin ag obair i rannóga tábhachtacha san oifig. Chinntigh an méadú seo in acmhainní go bhféadfadh PAS déileáil go héifeachtach leis an mhéadú suntasach i líon na n-iarratas agus léirigh siad a n-éifeachtúlacht sa mhéadú mór sna hagallaimh a rinneadh agus sna poist a líonadh do chliaint. Rinne PAS athbhreithniú ar struchtúr na heagraíochta ar bhonn leanúnach i rith 2016 agus dáileadh acmhainní chuig réimsí tábhachtacha i rith na bliana. Ghlac PAS le baill foirne ó chliaint chun cabhrú leo in amanna ina raibh éileamh mór agus thug PAS ionadaithe amach chomh maith chun cabhrú le trialacha a reáchtáil do dhaoine aonair seachtracha a d'oil PAS chun na róil seo a chomhlíonadh.

Cosaint Sonraí

Tá sonraí riachtanach do ghnó riaracháin PAS. Bailíonn PAS sonraí pearsanta ónár n-iarrthóirí, ó bhaill de bhoird roghnaithe, ó sholáthraithe agus ó bhaill foirne agus sa mhéid sin tá dualgas ar PAS é a úsáid go héifeachtach agus go heiticiúil. Cé go bhfuil ceart ag an duine aonair ar phríobháideachas, ag an am céanna tá riachtanais chuí gnó ag PAS agus ní mór do gach ball foirne a bheith aireach faoi na cearta sin agus na caighdeáin is airde a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. Cuireadh Cód PAS faoi Chosaint Sonraí Pearsanta ar an eolas do gach ball foirne agus tugadh oiliúint chuimsitheach do gach ball i 2016. Fuarthas ocht n-iarratas faoi chosaint sonraí i 2016 agus próiseáladh iad.

Saoráil Eolais

Tá Déantóir Cinnidh amháin do Shaoráil Eolais chomh maith le hAthbhreithneoir Inmheánach amháin (agus ionadaí amháin do gach ról sa chás go mbeadh Déantóir Cinnidh/Athbhreithnitheoir Inmheánach as láthair nó páirteach san ábhar ar dhóigh ar bith. Seo thíos sonraí faoi Shaoráil Eolais do 2016.

Iarratais faoi Shaoráil Eolais 2016	Uimh.
Líon Iarratas a Fuarthas	91
Pearsanta	70
Neamh-phearsanta	20
Measctha	1
Iarratais a Tugadh	49
Iarratais a Tugadh i bpáirt	25
Iarratais a Diúltaíodh	8
Tarraingíodh siar nó déanta taobh amuigh de Shaoráil Eolais	9
Athbhreithnithe Inmheánacha a Fuarthas	8
Achomhairc chuig an Choimisinéir Eolais	1

D'fhoilsigh PAS Scéim Foilseacháin leasaithe i 2016 agus tá seo ar fáil ar **www.publicjobs.ie.**

Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I 2016 d'fhorbairt PAS a thríú Scéim Teanga Ghaeilge. Bhí an Scéim seo bunaithe ar threoirlínte an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Bhí ábhar na Scéime seo bunaithe ar ár dtaithí maidir le geallúintí don chéad Scéim a sholáthar; ar na haighneachtaí a fuarthas ón phobal; ar aiseolas leanúnach ó chustaiméirí; ar athbhreithniú ar leibhéal an éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar mholtaí ó bhaill foirne na hOifige. Cuireadh an scéim chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i mí na Nollag. Comhlíonann PAS na dualgais seo ar bhonn leanúnach agus ag cur leis an dul chun cinn le linn na scéime deiridh.

Coinníonn an Bord Bainistíochta súil ar oibriú éifeachtach na Scéime. Tá ardbhainistíocht na heagraíochta freagrach as faireachán na Scéime ó lá go lá. De réir mar a athraíonn ról PAS le himeacht ama, déanfar gach iarracht úsáid a bhaint as gach deis a tharlaíonn chun an tseirbhís a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a leasú.

An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

I 2016 chuir PAS le hathbhreithniú an CCSP faoin Chód Cleachtais a bhí bunaithe ar mar a d'fheidhmigh muid faoi na Cóid.

Bhunaigh PAS Aonad um Chomhlíonadh agus Deimhniú Cáilíochta chun próiseas athbhreithnithe faoi Chóid Cleachtais an CCSP a chomhordú a chinntíonn go bhfuil córas i bhfeidhm le plé le haiseolas ó na hathbhreithnithe seo chun go leasaítear na próisis gnó agus seirbhís do chustaiméirí i PAS ar bhonn leanúnach.

Aguisíní

AGUISÍN 1

Achoimre de Ghníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir - 31 Nollaig 2016				
	Líon Iomlán na n-Iarratas a fuarthas	Líon a Cuireadh faoi Agallamh (Réamh-agallamh agus Deiridh)		Líon a hainmníodh / a moladh
Státseirbhís				
Cléireachais, Earcaíocht Shealadach san áireamh	45,678	6,433		4,338
Riarachán	13,294	2,492		1,130
Bainistíocht Shinsearach	4,284	356		70
Poist Ghairmiúla/ Theicniúla/Speisialtachta	5,453	1,655		405
Iomlán	**68,709**	**10,936**		**5,943**
Údaráis Áitiúla	1,268	793		206
An Earnáil Sláinte	599	297		115
Iomlán	**1,867**	**1,090**		**321**
Garda	21,847	2,082		1,566
Oifigeach Príosúin faoi Oiliúint	5,933	236		81
Próisis a reáchtáladh do chomhlachtaí poiblí taobh amuigh de chúram an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004				
Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí Eile	337	36		9
An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil	**Líon Iomlán na n-Iarratas a fuarthas**	**Líon a Cuireadh faoi Agallamh**	**Líon na bhfeachtas a comhlíonadh**	**Líon na moltaí**
Iomlán	**943**	**245**	**19**	**23**

Seirbhísí Roghnaithe/Tástála a Soláthraíodh			
	Líon Iomlán na n-Iarratas a fuarthas	Líon a cuireadh faoi Thástáil	
Altranas do Dhaoine Lánfhásta	1,882	1,368	
Iomlán ar Fad	**Líon na nIarratas**	**Líon a Cuireadh faoi Agallamh**	**Líon a hainmníodh / a moladh**
	101,518	**14,625**	**7,943**
Líon Iomlán na bhFeachtas a Fógraíodh 2016			
368			

Boird Stáit		
Líon Iomlán na n-Iarratas a fuarthas	**Líon na nAinmneacha a Cuireadh chuig Cliaint le cur chuig an Aire**	**Líon na gCeapachán a Rinneadh**
2,559	639	173

AGUISÍN II

Gníomhaíochtaí Bhoird Stáit 2016

Folúntais a Fógraíodh

163 ar **50** Bord Stáit

Fuarthas **2,599** Iarratas



Ceapacháin a Rinneadh

173 ar **42** Bord Stáit

639 Ainm curtha ar aghaidh chuig



Bord Stáit (líon na gceapachán a rinneadh)

- Comhairle Ombudsman Seirbhísí Airgeadais (3)
- An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA) (5)
- Údarás Rialála Táirgí Sláinte (2)
- Ionad Taighde Oideachais (5)
- An tÚdarás Árachas Sláinte (4)
- Ervia Cathaoirleach (1)
- Ervia - Ball (3)
- Údarás Sláinte Bia na hÉireann (4)
- Ard-Mhúsaem na hÉireann (12)
- Bord um Eolas do Shaoránaigh (7)
- An Chomhairle Oidhreachta (11)
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (3)
- An Ceoláras Náisiúnta (9)
- An tÚdarás Forbartha Tionscail (2)
- An tÚdarás Ardoideachais (10)
- ESB (2)
- Iascaigh Intíre Éireann (2)
- Baile an Oibricigh (5)
- Bord Iascaigh Mhara (1)
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (1)
- Cathaoirleach CORU (1)
- Binse Achomhairc na gCarthanas (5)
- Graí Náisiúnta na hÉireann (4)
- An Bord um Tionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (1)
- Réiteach Pirítí (1)
- Cathaoirleach - An Comhlachas Snámha agus Tarrthála (1)
- An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (3)
- An Bord Achomhairc um Dheontais do Mhic Léinn (5)
- Pobal (7)
- An Chomhairle um Chúram Éigeandála Roimh Ospidéal (4)
- An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia (1)
- An tÚdarás Náisiúnta Seirbhísí Réadmhaoine (6)
- Clár na nEolaithe Leighis (12)
- Rásaíocht Capall na hÉireann (2)
- Clár na Síceolaithe (1)
- Cathaoirleach - IAASA (1)
- An Chomhairle Mhúinteoireachta (2)
- An Chomhairle Ealaíon (6)
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (7)
- An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (3)
- Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (7)
- An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) (4)
- Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann (1)

AGUISÍN III

Iarratais ar Athbhreithniú ar Achomhairc

D'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí na treoracha chun déileáil le hiarratais ar athbhreithniú ó iarrthóirí agus ar ghearáin ó iarrthóirí maidir le próisis na gceapachán. De ghnáth pléitear le hathbhreithnithe agus gearáin faoi Acht 7 agus 8 de Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Pléann Alt 7 le hiarratais ar athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh maidir le hiarratas agus pléann Alt 8 líomhaintí gur briseadh an cód cleachtais. Seo a leanas na staitisticí do 2016 maidir le hAlt 7 agus a 8 araon:-

Staid	Alt 7	Alt 8
Iarratas:	1	1
Tástáil:	23	3
Gearrliostú:	97	10
Measúnú Eile:	41	5
Agallamh:	54	11
Incháilitheacht:	1	0
Iomlán:	217	30
Cinntí a hathraíodh:	12	0

AGUISÍN IV

Léargas ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2016

Baineann úsáid fuinnimh don chuid is mó le téamh/soilsiú agus uisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle.

I 2016, úsáideadh 958.8 MWh d'fhuinneamh mar a leanas:

- 769.9 MWh leictreachais;
- 183.9 MWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 MWh de bhreoslaí in-athnuaite;

Gníomhaíochtaí a Rinneadh sa bhliain 2016

In 2016 rinne PAS bearta éagsúla chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, mar a leanas:

- Cuireadh baill foirne ar an eolas faoi fhuinneamh a shábháil trí fhógraí agus trí mheabhráin faoi fhuinneamh a úsáid
- Súil ghéar agus srian a choinneáil ar úsáid fuinnimh lena n-áirítear idirghábhálacha de lámh le rialtán an chórais téimh
- Rialtóirí ama ar fhearas mór oifige
- Múchann ríomhairí deisce faoi rialachán

Gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2017

Tá sé beartaithe ag PAS sa bhliain 2017 feabhas a chur le húsáid fuinnimh mar a leanas:

- Baill foirne a choinneáil ar an eolas faoi fhuinneamh a shábháil lena n-áirítear oibriú leis an Ghrúpa um Fhreagracht Chorparáideach Shóisialta i PAS.
- Idirghabháil a dhéanamh de lámh ar bhun leanúnach ar rialtán an chórais téimh go dtí go mbeidh córas bainistíochta foirgnimh i bhfeidhm.
- Aonaid rialála an Chórais Bainistíochta Foirgnimh a uasghrádú.

AGUISÍN V - RÁITEAS AIRGEADAIS

Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (Unaudited Draft) Cuntas Leithghabhála 2016

			2016	2015
		Soláthar don mheastachán €000	Caiteachas €000	Caiteachas €000
Caiteachas an Chláir				
A	An tSeirbhís Phoiblí agus an Státseirbhís - Ath-imlonnú/ Earcaíocht/Roghnú	**9,650**	**9,537**	**8,802**
	Ollchaiteachas	**9,650**	**9,537**	**8,802**
	Asbhaint			
B	**Leithghabháil i gcabhair**	**252**	**275**	**414**
	Glanchaiteachas	**9,398**	**9,262**	**8,388**

Barrachas le tabhairt ar ais

Ní mór an barrachas a sholáthraítear thar an suim a cuireadh i bhfeidhm a thabhairt ar ais don Státchiste

	2016 €	2015 €
Farasbarr le tabhairt suas	136,188	195,848

Tá an cuntas leithghabhála thuas agus na hasbhaintí ó na fo-nótaí thíos mar a dhéantar i gcás gach Vóta, ullmhaithe ar bhonn airgead tirim. Tá na cuntais ar fad foilsithe ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an C&AG.

Anailís de chaiteachas riaracháin

			2016	2015
		Soláthar don mheastachán €000	Caiteachas €000	Caiteachas €000
i	Tuarastal, pá agus liúntais	5,906	5,613	5,218
ii	Taisteal agus cothabháil	70	60	86
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	180	245	158
Iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	130	79	109
V	Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha	780	842	748
vi	Costais foirgnimh oifige	260	155	184
vii	Costais earcaíochta - taighde agus rialáil chorparáideach	70	13	56
viii	Costais earcaíochta fógraíocht agus tástáil	1,216	992	1,023
Ix	Costais earcaíochta - boird agallaimh	1,038	1,538	1,220
		9,650	**9,537**	**8,802**

Líon na bhFostaithe agus Pá

	2016	2015
Líon ball foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	144	113
	2016 €000	2015 €000
Tuarastal	5,053	4,728
Liúntais Ard-dhualgais, do dhualgais speisialta nó bhreise	68	43
Ragobair	87	81
ÁSPC an Fhostóra	405	366
Pá Iomlán	**5,613**	**5,218**

Íocaíochtaí agus Socruithe Eile

Íocadh €35,055 i dtáillí le ceithre bhall de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí i 2016.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim le mo fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach agus ní go daingean go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus gur taifeadadh iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mí-rialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhun leanúnach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtúlacht.

Chomhlíon mé mo chuid dualgas maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir deimhnithe ó oifigeach cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Réimse rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil réimse rialaithe agus na nithe seo san áireamh i bhfeidhm:

- tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go gcuirtear an ghníomhaíocht chuí i bhfeidhm lena cheartú
- tá Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe

- Tá córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais i gcomparáid le tuar
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Tá córais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na córais TEC slán
- Tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadal
- Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá faofa agamsa. Tá an obair bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta ina aghaidh agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Clúdóidh na pleananna seo na príomh-rialuithe ar bhonn atrátha ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaim-se agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar beart ar na tuairiscí ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Fiona Tierney
Oifigeach Cuntasaíochta